Fada súil Éireann re hAodh
[NLI G167, 134]
(see ‘A Poem Book of the O’Donnells’, Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 39)
An tUilliam Og [Mac an Bhaird] cenna do chum an dán sa dUa Dhomhnaill .i. Aodh mac Maghnusa.
[Rannaigheacht Mhór, Dán Díreach]

1 Fada súil Eirenn re hAodh
múr Feilim ni fada o dhíon
gerr fola Temrach da taobh
Aodh Eangach a rogha riogh.
2 Sgél sein ler fioradh gach fáidh
a shíoladh o chleith do-chuaidh
suil ris an ngnáth do bhí ag Bóinn
go mba cóir dhí a táth a túaidh.
3 Easgaidh an tan-sin a triall
do reidhigh re n-amhsoibh eól
do nós branduibh do bhí ag Aodh
tí saor ar Ghallaibh i ngleodh.
4 Toir faghladh a ccruth do-chuaidh
gan anmhuin ri ucht a múir
fiú an sgaradh tug ar an tóir
gan anadh dhóibh re drud dúin.
5 Suil tigthar a tolaigh glia(i)dh
a slighthi ni conar chaol
decair é d’ionghaire i n-ágh
ré lán na hiorghaile Aodh
6 Bro curadh gan fhuireach air
gur buaileadh a bhuille sguir
fágbhadh Aodh don taoibh as-toigh [135]
an chaoin a-moigh do thaobh tuir.
7 Damh eoil le lingther gach líon
do thimchill a ngleó go grian
colg sen ina bhais gan bráon
nir thaobh re fer glais an giall.
8 Mac Maghnois ’ga ghuin i ngliaidh
ni guin in nach gabhthar géill
d’eis a luit do thanaidh (?) tóir
tain do thuit ’na bfaghail féin.
9 Brac leabhar le léig a srian
re caladh (?) ni theigh a taobh
biodh sion ’na aghaidh madh ál
a dhíol rámh da bfaghar d’Áodh.
10 A ccoimes clú ni an Aodh
a clú a ccoimes leis ni lór
ni thug se d’ollamh fa fhíon
díol nach bronnadh ’s gan é ag ól.
11 Laoch dearbhtha ar nach bfaghthar faill

ni lamhthar san mberna a mbuing
teid tú mar lachain tre linn
i rinn tachair re ccrú Cuinn.
12 Ben dot fheichem ar fheadh nglia(i)dh
ni bean do léigeadh gan liúdh
rosg mná dot ionghaire a Aodh
madh cáol la iorghaile th’iúl.
13 Do thuill fola do bhróin ban
ro thola do-choidh a ccion
do fhech is-tigh thairsi an tegh
sul do ghoir ben th’ainm-si d’fior.
14 Tonn it aghaidh d’fuil na Niall
le cur taraidh ar gach táoibh
ni gabhar tar ghort gan fhál
aghadh na ndámh ort a Aodh.
15 Guin gan uaim dob omhan daoibh
do-chuaidh in dochar ’na dhiaidh
fa fleadh do cheilis i ccéin
cneidh nach réidh do leighis liaigh.
16 Ar léim d’ein eitil san ágh
do fhéin do reidhighis ráon
barr tar a n-aibera um fhíon
ag sniomh crann aideamha Aodh.
17 Laoich romhaibh mar réim an láin
ag léim dochair [leg. Tochair?] ar gach taoibh
sáth remh [sic] bheich na cailgi as cóir
taighdi an tóir leis an ccleith ccaoil.
18 Derbhthar lúdh th’eachraidhe i n-ágh
ar tús go ttesdaighe (?) an raon
gabhaidh sé san ghleó go grían [136]
gi be do iarr th’eól a Aodh.
19 Lann tana do theilg a cruaidh
od fheidhm do ba tana an tóir
th’ord míleadh re hedh in á[i]gh
fan laimh ag sínedh edh n-óir.
20 Suan gan luighe ort a Aodh
do thruime do ghon on ghleódh
nirbh é sin th’obair i n-ágh
nirbh áil libh codail gan ceól.
21 Braoin ghairthi ar fiodhraidh a feóir
ot iomghuin ar f[h]aiche dúin
fedh moighi ni fhoil ot fhéin
an troigh reidh gan oili i n-úir.
22 Don toisg da n-imthighe i n-ágh
timchilli an troid ar gach taobh
i n-órthain ni bfuil do bhrigh
díon ar ghoimh th’orchair a Aodh.
23 A bróin fhéinnedh bentar bedhg
i ndeabhaidh mar eirghes th’ferg

bos gheal ina mbloghthar bolg
colg sean go dornchar do dhearg.
24 Deacair taobadh con os cuan
do ba baoghal cor ret cladh
o rug fer ar th’aithne a Aodh
nir gh[e]abh do tháobh th’aighthe i n-ágh.
25 Fedh deabhtha nir dholta róimh
beg nar dhecra dola it dhiaigh
geall caithmhe ar an lainn it láimh
ar ndáil do chroinn ghairthe i ngliaidh.
26 Gan dáoirsi i mbérnaidh [i] mbia
i ttenntaibh nar dhaoire dhó
cú sealga na thóra thú
Cú na cérda as córa it chló.
27 Bean i nguais ot ghonaibh graidh
tar gach folaidh da bfuair thríbh
an dioghail do dhligh ’na ndiaidh
biaidh sin ar rioghain ag rígh.
28 Dord re saithi i ccomhair cheóil
a bfoghar as fachain súain
leigthear leth a cnuais re craoibh
fan daoil gan gúais beach gan buain.
29 Sreabh Fhinne gidh orgán suain
do bhinneas a comhraidh cciúin
guth gac sreibhe don taoibh thuaidh
ag buain cena do chraoibh cciúil.
30 Damh tosaigh thurnus i n-ágh [137]
ar chosain nir chunradh sáor
an mír curadh o ghort glia(i)dh
ar ttocht fhian Uladh ag Aodh.
31 Gur thesdaigh grinneal an ghlia(i)dh
tre a rendaibh do-rinne an t-eól
caor shluaigh ag anadh fa Áodh
daor fuair an goradh san ghleódh.
32 A searc d’Aodh do fhoillsigh sí
os da thaobh do toirneadh lé
a hoidhre a mbeirn ge do bhaoi
doilghe le mnaoi san f[h]eidhm é.
33 Do bladh mac Siubhain(i) an síodh
cradh gur thionail ar gach taobh
dob fhiú tes an uird san ágh
lamh an chuilg fa es go Aodh.
34 Gach a nderna a n-domhain glia(i)dh
bu fada i leabhraibh a luadh
ni bhí sé ar iarraidh i n-agh
ré lán fa dhiamhair in dúal.
35 Breith a dhiomdadh ni dóigh dhamh
mar a fiodhbhuidh as cóir craobh
tig da ccongmhail féine i bfíon

diol cléire i n-orlaimh o Aodh.
36 Tug ben nach ttaidhlinn an tóir
sleagh o ghaibhneann ar a gháibh
dion gach aonduine ann féin
d’fein ar nAodhai-ne i n-am áigh.
37 Rí nach sguireann do dhail duas
a ndáil ni chuireann a ccás
ni sgarfa a-niu ris an nós
a chlú fós ni anfa d’fás. Fada...